

# TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 3

## GLUISEACHT CHUÍ AN MHÚINTEORA AGUS AN DALTA SA SEOMRA RANGA

### A : Gluaiseacht an duine fásta

Is fearr gan bogadh an iomarca timpeall an tseomra ranga nuair a bheidh tú ag iarraidh aird a tharraingt ag tús ceachta - má bhíonn tú ag bogadh an iomarca cuirfidh sé na daltaí ar seachrán. Nuair a bheidh tú ag cur tús le ceacht, seas i lár an tseomra áit ar féidir le gach duine tú a fheiceáil agus a chloisteáil agus áit ar féidir leat féachaint sna súile ar na daltaí go léir.

Nuair a bheidh na daltaí i mbun oibre, is cuí, agus is dócha gur riachtanach, bogadh timpeall an tseomra ranga go socair, ciúin gan cur isteach ar aon duine. Chun na daltaí a choinneáil i mbun oibre is féidir úsáid a bhaint as raon teicnící (comharthaí lámh, cúnamh le fadhb, srl). Tugtar gar-rialú air sin - a bheith 'ar an bpáirc imeartha' nuair a bheidh na daltaí i mbun oibre (seachas a bheith 'sna seastáin' ag do deasc féin nó ag caint le duine fásta eile sa seomra) agus ar an gcaoi sin beidh sé níos éasca monatóireacht agus tacaíocht a thabhairt don obair leanúnach atá ar bun ag na daltaí.

### B : Gluaiseacht na ndaltaí

Ba chóir duit modh oibre a leagan amach i dtábla, bunaithe ar chomh compordach is atá tú féin leis na daltaí a bheith ag bogadh timpeall an tseomra ranga. Bíonn éagsúlacht i gcur chuige múinteoirí idir ceann atá 'an-ghéar' (áit nach mbogfaidh aon duine thart gan chead) agus ceann ina dtugtar cead do dhaltaí bogadh le níos mó saoirse le haghaidh tascanna ar leith. B'fhéidir gurb é an rud ab fhearr dúinn a dhéanamh ná a rá go soiléir cad iad na tascanna sin. Ag úsáid na samplaí seo a leanas, déan measúnú ar cad is fearr leatsa:

<i>Gluaiseacht na ndaltaí sa seomra ranga</i>	<i>Níl sé ceadaithe in aon chor</i>	<i>Caithfidh daltaí cead a iarraidh ar dtús</i>	<i>Cead ag daltaí bogadh thart go héasca</i>
Ag cur bruscair sa bhosca bruscair / ag bearradh pinn luaidhe			
Ag oscailt fuinneoige			
Ag fáil deoch / rud éigin le hithe			
Ag ní a gcuid lámh			
Ag fáil leabhair ón leabharlann			
Ag labhairt le duine éigin eile sa rang			
Ag fáil rialóra / Tippex / peann luaidhe srl ar iasacht			
Ag fáil fillteáin / cóipleabhair ón taisceadán / gciseán			
Ag bailiú ábhair ón bprintéir			
Ag dul chuig an leithreas			

Seans go mbeidh ort do chur chuige a leagan amach ar bhealaí difriúla ag brath ar aoiseanna na ndaltaí, leibhéal freagrachta an ranga, méid an ranga, an t-ábhar atá á mhúineadh agus cúinsí eile. Tá sé riachtanach a chur in iúl do dhaltaí cad atá ceadaithe / nach bhfuil ceadaithe. Caithfidh tú a shoiléiriú freisin do dhaltaí má bhíonn cead acu bogadh timpeall sa seomra ranga chun tabhairt faoi thascanna ar leith, go gcaithfidh siad sin a dhéanamh gan cur isteach ar obair / fhoghlaim / mhaoin / spás daltaí nó na foirne eile, ná níor chóir dóibh bheith ag tabhairt tuairimí gránna faoi aon duine ná aon rud, bíodh sin ó bhéal nó i gcoagar le dalta eile.